**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2025)0125

## Cúnaimh macrairgeadais don Éigipt

### Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2025 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil do Phoblacht Arabach na hÉigipte (COM(2024)0461 – C10-0009/2024 – 2024/0071(COD))

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0461),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0009/2024),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 28 Bealtaine 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ag an gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0037/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P10_TC1-COD(2024)0071**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 18 Meitheamh 2025 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht Arabach na hÉigipte**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2025/1267.)*